Comhairle an Aontais Eorpaigh

PUBLIC

**An Bhruiséil, 11 Eanáir 2024**
**(OR. en)**

**5139/24**

**LIMITE**

**ELARG 3**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 15272/23 + ADD 1 |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Albáin a bhaineann leis na Comhchoistí Comhairliúcháin i gcomhar le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus le Coiste na Réigiún, faoi seach, a bhunú agus le Rialacha Nós Imeachta Chomhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais a leasú |

1. An 8 Samhain 2023, chuir an Coimisiún togra faoi bhráid na Comhairle le haghaidh an Chinnidh thuasluaite ón gComhairle (15272/23 + ADD 1).

2. Ag an gcruinniú a bhí aici an 8 Nollaig 2023, scrúdaigh an Mheitheal um Méadú agus um Thíortha a bhfuil Aontachas le AE á chaibidil acu (COELA) an togra agus chomhaontaigh sí an dréacht-téacs, mar a leagtar síos in WK 16297/23 é, faoi réir athbhreithniú dlítheangeolaíoch.

3. Dá bhrí sin, agus faoi réir a dheimhnithe ag Coreper, moltar go nglacfaidh an Chomhairle, ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo, mar mhír ‘A’ ar an gclár oibre, an Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Albáin a bhaineann leis na Comhchoistí Comhairliúcháin i gcomhar le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus le Coiste na Réigiún, faoi seach, a bhunú agus le Rialacha Nós Imeachta Chomhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais a leasú, mar a leagtar amach in 16679/23 é, mar a chuir na dlítheangeolaithe bailchríoch air. Is in 16679/23 a leagtar amach an dréachtchinneadh ón gComhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais idir an tAontas agus an Albáin lena mbunaítear Comhchoistí Comhairliúcháin i gcomhar le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus le Coiste na Réigiún, faoi seach, agus lena leasaítear Rialacha Nós Imeachta na Comhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais, arna athbhreithniú ag na dlítheangeolaithe.

PUBLIC